

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Dílseánach an trádmhairc faoi cheist: Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

Trádmharc atá faoi cheist: Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh ALMARA SOAP – Iarratas ar chlarú Uimh. 18 198 833

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gCéad Bord Achomhairc de EUIPO an 25 Aibreán 2022 i gCás R 1613/2021-1

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- diúltú don chinneadh atá á chonspóid maidir leis na hearraí go léir a chonspóidtear;
- mar mhalairt air sin, an cás a chur ar ais chuig EUIPO le haghaidh measúnaithe nua;
- a ordú go gclarófar iarratas ar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 18 198 833 sa Chlár i gcomhréir le forálacha Airteagal 51(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;
- a ordú do Aceites Almenara, SL costais an fhreasúra, seasta ag EUR 620, a íoc;
- a ordú do Aceites Almenara costais an achomhairc, seasta ag EUR 720, a íoc;
- a ordú do Aceites Almenara costais na caingne seo a íoc.

Pleas in law

- Sárú ar Airteagal 10(1) de Rialachán Tairmligthe (AE) 2018/625 ón gCoimisiún;
- Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Caingean arna tabhairt an 13 Iúil 2022 – International British Education XXI v EUIPO – Saint George's School (IBE ST. GEORGE'S)

(Cás T-438/22)

(2022/C 340/72)

Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Spáinnis

Páirtithe

Iarratasóir: International British Education XXI SL (Maidrid, an Spáinn) (ionadaí: N. Fernández Fernández-Pacheco, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Saint George's School SL (Fornells De La Selva, an Spáinn)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist: Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

Trádmharc faoi cheist: Iarratas ar mharc fíortha IBE ST. GEORGE'S de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar chlarú Uimh. 18 020 505

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 11 Bealtaine 2022 sa Chás R 2226/2020-4

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní.
- an t-iarratas ar mharc fíortha IBE ST. GEORGE'S de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 18 020 505 a dheonú i gcomhair na hearraí agus na seirbhísí go léir dá iarradh é.
- a ordú don idiragraí agus don chosantóir, más infheidhme, costais agus caiteachais na n-imeachtaí go léir os comhair EUIPO agus na Cúirte Ghinearálta a íoc.

Saincheist dlí

- Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Caingean arna tabhairt an 19 Iúil 2022 – Hofmeir Magnetics v EUIPO – Healthfactories (Hofmag)

(Cás T-452/22)

(2022/C 340/73)

Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Hofmeir Magnetics Ltd (Witney, an Ríocht Aontaithe) (ionadaí: S. Baur, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Healthfactories GmbH (Saaldorf-Surheim, an Ghearmáin)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Dílseánach an trádhmhairc faoi cheist: Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

Trádhmharc atá faoi cheist: Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh “Hofmag” – Iarratas ar chlarú Uimh. 18 107 493

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 3 Bealtaine 2022 i gCás R 1367/2021-5

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;
- a ordú do EUIPO na costais a íoc, na costais arna dtabhú sna himeachtaí achomhairc san áireamh.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

- Srian mícheart ar mharc neamhchláraithe an iarratasóra “HOFMAG” i dtéarmaí ainmniúcháin nach gcomhlíonann an critéar “de thábhacht níos mó ná tábhacht áitiúil amháin” de réir bhrí Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;
 - Mainneachtain an comhartha “Hofmag” a chur san áireamh mar ainmniúchán tráchtála (mar chomhartha ábhartha de réir bhrí Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) madir leis an Ghearmáin/an Ostair.
-